# Mata ag an Obair

## ERIC BUTLER - Innealtóireacht Uathghluaisneach

**Mar dhuine a bhí ag streachailt le mata ar scoil, níor thosaigh mé ag cur spéise i STEM/Innealtóireacht go dtí gur chonaic mé feidhm sa bhfíorshaol do na cothromóidí casta seo ar fad.**

I mo phost bíonn orm cód a scríobh agus a thástáil chun gnéithe nua a chur le feithiclí Jaguar agus Land Rover. Tá na gnéithe seo don taispeáint leictreonach ar an deais. Is iomaí duine a chuireann ceist orm an gá dom a bheith go maith ag mata chun post a fháil i ról den chineál céanna? Deirim leo i gcónaí gur ó chúlra mata ar ghnáthleibhéal dom agus chomh fada agus atá tú ag cur isteach na hoibre gach lá agus go bhfuil an spreagadh ionat chun do spriocanna a bhaint amach; is féidir leat an chonstaic a shárú agus tosú ag baint taitnimh as na rudaí iontacha is féidir leat a chruthú trí mhata a úsáid.




## MARY HOLLAND - Fuinneamh Inbhuanaithe



**Maidir liomsa, is é is staitisticí fuinnimh ann ná 'mata a bhfuil tábhacht ag baint leis' – ba mhaith liom a thaispeáint do dhaoine óga atá díograsach faoin mhata go bhfuil áit ann dóibh agus go bhfuil gá leo chun gníomhú ar son na haeráide a chur ar aghaidh.**

I ndomhan atá lán de mhífhaisnéis agus bréagaisnéis ar líne tá sé tábhachtach 'dearbhchloch' na staitisticí iontaofa, trédhearcacha, tráthúla a chur ar fáil, rud a chabhraíonn linn a chinntiú go mbeidh comhráite faoin aeráid agus cinntí beartais bunaithe ar fhianaise. Mar Staitisteoir Sinsearach Fuinnimh le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann (SEAI), treoraím bailiú uimhreacha chun tuiscint a fháil ar conas a úsáidtear breoslaí éagsúla ar fud an gheilleagair i dtithe, i ngnólachtaí, ag gluaisteáin, ag eitleáin, i monarchana, agus i bhfeirmeacha. Insíonn staitisticí fuinnimh dúinn cén breoslaí is mó a bhfuilimid ag úsáid, breoslaí iontaise nó fuinneamh in-athnuaite, agus cad is gá dúinn a dhéanamh chun Éire a choinneáil glas.

## HELGA BJARNADÓTTIR - Beochan



**Is ó theaghlach atá an-dírithe ar an eolaíocht mé, mar sin bhí grá agam don mhata ó aois óg.**

Nuair a thuig mé go raibh beochan ann mar shlí bheatha, fuair mé an deis is fearr dom riamh chun mo shuim san ealaín agus sa mhata a chur le chéile. Mar sin chuaigh mé isteach sa bheochan agus níor fhéach mé siar. Mar Stiúrthóir Teicniúil ag Cartoon Saloon, is breá liom a bheith ag cur le scannáin agus cláir teilifíse a chruthú, agus a bheith ag obair le healaíontóirí iontacha. Is breá liom na deiseanna a thagann chun cinn gach lá don chineál réiteach fadhbanna ar thit mé i ngrá leis sa rang mata.

## DOMINIQUE KNIGHT - Leictreoir

**Thosaigh mé mo phrintíseacht le Suir Engineering i Meán Fómhair 2024. Is áit é a n-úsáidim mata gach aon lá.**

D'fhéadfadh sé a bheith chomh simplí le huimhreacha a shuimiú nó rudaí níos casta uaireanta, ag brath ar an jab atá le déanamh. Bhain mé taitneamh as mata ar scoil i gcónaí mar thaitin sé liom dúshláin a réiteach, ach sílim go bhfuil sé tábhachtach luí isteach ar an obair ar scoil chun gur féidir leat do spriocanna a bhaint amach níos déanaí. Mar shampla, don chuid is mó de na printíseachtaí caithfidh tú pas a fháil sa mhata. Tá tú ar scoil ar feadh tréimhse gairide, mar sin b'fhearr duit an leas is fearr a bhaint as agus an oiread agus is féidir leat a fhoghlaim.



## STÉPHANIE DOSSOU - Intleacht Shaorga

**Mar Stiúrthóir ar Intleacht Shaorga (AI) ag Mazars, bainim úsáid as mata chun faisnéis a anailísiú d'fhonn cinntí maithe a ghlacadh.**

Is féidir leis na torthaí scéal a insint dúinn freisin a chabhróidh linn tuiscint níos fearr a fháil ar an fhadhb a bhfuilimid ag obair uirthi agus teacht ar réitigh níos fearr mar sin. Ina theannta sin, tá buiséad againn chun taighde ar theicneolaíochtaí nua AI agus iad a chur i bhfeidhm. Anseo, smaoiním ar cé mhéid a chosnóidh sé teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm agus an rachaidh sé chun tairbhe do Mazars. Is féidir liom mata bhunúsach a úsáid chun na costais a bhaineann le teicneolaíocht nua a chur i bhfeidhm a mheas agus cinneadh a dhéanamh an bhfuil an buiséad againn chun í a chur i bhfeidhm. Cibé rud a dhéanann tú sa saol, is féidir le mata cabhrú leat ag aon leibhéal anois agus amach anseo.



## KEVIN O'NEILL - AgriFood



**Is Maoirseoir Taifeadta Bainne mé ag Progressive Genetics.**

Cabhraíonn an obair a dhéanaim le feirmeoirí feidhmíocht agus brabús na mbó a mheas. Úsáidim mata gach lá chun toradh bainne gach bó, an cháilíocht, agus an bhrabúsacht a rianú. Tomhaistear méideanna beatha, bainne agus cáilíocht an bhainne (saill, próitéin, lachtós srl) ar ríomhaire agus taifeadtar iad. Tá baint ag an mhata le gach céim. Tacaíonn na sonraí seo le cinntí níos fearr maidir le beathú agus pórú agus cabhraíonn siad le feidhmíocht an tréada a mhéadú ar fud na bhfeirmeacha. Mholfainn do gach scoláire dul i ngleic leis an mata agus díriú uirthi ar scoil mar is ábhar é a úsáidtear gach lá sa saol oibre agus i do shaol pearsanta araon.

---

Celebrating 20 Years Maths Week

11-19 Deireadh Fómhair 2025

#IUseMaths #MathsWeek2025

**Cláraigh anois ar mathsweek.ie**

Arna chomhordú ag: CALMAST, SETU South East Technological University

Le tacaíocht ó: An Roinn Oideachais agus Óige / Department of Education and Youth; Economy / Geilleagair; Coigilteas Stáit na hÉireann / Ireland State Savings; An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta / Department of Further and Higher Education, Research, Innovation and Science